De réir a chéile sealbhóidh na foghlaimeoirí na struchtúir chruinne atá sa scéal. Ar dtús beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht leis an scéal, de réir a chéile beidh siad in ann an scéal a léamh i gcomhpháirt leis an múinteoir, agus faoi dheireadh éireoidh leo an scéal a athinsint ina bhfocail féin, má chloiseann siad minic go leor é. Moltar comhrá ranga a bhunú ar an scéalaíocht agus frásaí ón scéal a úsáid i rith an lae. Is ionchur luachmhar é an scéalaíocht de struchtúr abairte agus de ghramadach shaibhir.

- Cabhraigh leis na foghlaimeoirí scéalta beaga a ullmhú *ina bhfuil an struchtúr cruinn,* scéalta a bhaineann lena nuacht phearsanta féin, ag tosú le habairt nó dhó sna naíonáin suas go 4-6 abairt i rang 1 agus rang 2. Ní mór deis a thabhairt do na foghlaimeoirí ar **aschur cruinn** a ullmhú agus a chur i láthair.

- Múin foirmlí cainte cruinne d'abairtí a úsáideann na foghlaimeoirí go minic, m.sh *Lá breithe Sheáin atá ann inniu. Beidh mé ag dul go teach Aoife tar éis na scoile. Tá sé agam. Is liomsa é.*

- Múin foirmlí cainte cruinne do na foghlaimeoirí a úsáidfidh siad sa chlós agus nuair atá siad ag caint lena gcairde *m.sh*

Cé atá sa tóir? Is é Seán atá sa tóir. Timpiste a bhí ann. Ní mise a bhí ann. Is mise an captaen. Is mise atá sa chúl.

- Tabhair deis do na foghlaimeoirí ar fhreagraí sínte a chur i láthair. Is minic nach bhfaigheann foghlaimeoirí tumoideachais neart deiseanna cainte sínte a dhéanamh (Mac Corraith, 2008).

- Úsáid an fhoirm cheisteach in ionad an modh ordaitheach más féidir –m.sh. *Ar mhiste libh dul isteach sa líne? An féidir libh bhur gcóta a chur oraibh? An féidir libh an obair bhaile a scríobh síos anois? An bhféadfadh sibh leabhar/bréagán a*

**CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE:
GAEILGE**

Struchtúr Abairte agus Gramadach

fháil? An bhféadfá pictiúr a tharraingt dom? Cabhróidh seo leis na páistí le struchtúr an ainm bhriathartha *m.sh An bhfuil cead agam mo lón a ithe? An féidir liom bréagán a fháil?*

Meall na foghlaimeoirí le Gaeilge chruinn a úsáid.

- Taispeáin eiseamláirí den struchtúr cruinn clóbhuailte i dtimpeallacht an tseomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile.

- Déan treisiú ar spriocstruchúir trí ghníomhaíochtaí éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

- Meall na foghlaimeoirí le Gaeilge chruinn a labhairt i rith an lae.

Struchtúr Abairte agus Gramadach

Tá an peann luaidhe níos giorra/ níos faide ná an sop.

Cé acu is troime/ is éadroime?

Na bunuimhreacha

3 bhalún, **7 mb**alún, **4** úll, **8 n-**oráiste

"Cé mhéad" leis an uimhir uatha

Cé mhéad buachaill/cailín/ balún/ duine atá ag an gcóisir?

> Déan pleanáil d'ábhar agus foirm na teanga

Aiseolas Ceartaitheach

Dé réir mar a éiríonn na foghlaimeoirí níos líofa sa Ghaeilge, moltar leid a thabhairt dóibh chun iad a spreagadh le féincheartú a dhéanamh.

Sampla de Leid

Páiste: *An bhfuil cead agam faigh deoch?*

Múinteoir: *An bhfuil cead —————?*

Sa chás seo ceartaíonn an páiste é féin. Éilíonn leideanna smaoineamh ón bhfoghlaimeoir. Mura bhfuil an páiste in

ann é féin a cheartú moltar athmhúnlú teanga a úsáid.

Sampla d'Athmhúnlú

Páiste: *An bhfuil cead agam faigh deoch?*

Múinteoir: *An bhfuil cead agam deoch a fháil?*

Páiste: *An bhfuil cead agam deoch a fháil?*

Sa chás seo tá an múinteoir ag cabhrú leis an bhfoghlaimeoir próiseáil a dhéanamh ar an struchtúr ceart. Léirítear go mbíonn leid nó athmhúnlú cainte níos fearr ná neamhaird a dhéanamh de bhotún (Harris & Ó Duibhir, 2011).

> Bíonn leid nó athmhúnlú cainte níos fearr ná neamhaird a dhéanamh de bhotúin.

Struchtúr Abairte agus Gramadach

Tagairtí

Ellis, R. (2005). Principles of instructed language learning. System 33, 209-224.

Harley, B. (1992). Patterns of second language development in French immersion. *Journal of French Language Studies, 2,* 159-183.

Harris, J., & Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh éifeachtach teangacha. Sintéis ar thaighde.* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar líne : http://www.ncca.ie/ga/Foilseach%C3%A1n/Tuarasc%C3%A1lacha/ muineadh_eifeachtachteangacha.pdf

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content.* Amsterdam; Philadelphia: John Benjamins.

Mac Corraith, S. (2008). *Gearrchosáin chomhairle ar fhoghlaim agus ar theagasc sa Ghaelscolaíocht.* Béal Feirste: Comhairle na Gaelscolaíochta.

Mhic Mathúna, M. (2010). Arís is arís eile: Scéalta mar áis teanga sa naíonra. Oideas, 55, 1-17.

Pienemann, M. (1989). Is language teachable? Psycholinguistic experiments and hypotheses. Applied Linguistics 10 (1), 52-79.

Swain, M. (1998). Focus on form through conscious reflection. In C. Doughty, & J. Williams (Eag.), *Focus on form in classroom second language acquisition (lch. 64-81). Cambridge: Cambridge University Press.*

Acmhainn ar líne

Áiseanna Shéideáin Sí ar fáil ar líne: http://www.gaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/an-gum/seidean-si-sceim-ghaeilge/

Réimse de Leabhair Mhóra ar fáil ar líne: http://www.aisaonad.org/

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie/primary

Arna fhorbairt i gcomhar le hAisling Ní Dhiorbháin, Coláiste Phádraig, Droim Conrach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

97

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM
IRISH

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna i dtaca le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint

Most children travel along predictable pathways as they learn a second language in educational settings. Irish is no exception and children learn Irish as a second language in primary school in predictable, yet individual ways.

Learning a second language can be regarded as both a cognitive and a social process, i.e., children learn a language by figuring out the system of the language through interacting with speakers of that language.

> Children learn Irish as a second language in primary school in predictable, yet individual ways.

Demonstrating Understanding

Most children need some time to realise that meaning can be made in a language other than their first language. This means that the teacher might augment speech with gestures, cues, visual aids, and concrete objects and experiences, so that the meaning is clear from the context. For example, the teacher can use beckoning gestures to ask a child to come here or show a school bag to talk about a 'mála scoile' or a lunch-box to refer to a 'bosca lóin'.

In the early stages, children will be in the **silent period** as far as using the second language is concerned and will sometimes use their first language – for example, English – or remain silent. Research tells us that they should not be unduly pressurised into speaking at very early stages. Children could demonstrate their understanding by following requests or instructions. Over time, the teacher can place less emphasis on the gestures and other strategies and more on the speech alone. He/she can show that they expect more verbal responses from the children, beginning with frequently used words and phrases.

> The teacher can augment speech with gestures, cues, visual aids and concrete objects and experiences, so that meaning is clear from the context.

Through dynamic scaffolding, using a variety of strategies such as accepting the child's utterance and building on it to model the full form of the sentence, using visual aids and real objects for meaning and context and through providing a print-rich environment, children can be supported to make progress in

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

speaking Irish. The teacher can use and reuse words and phrases that the children already know, including rhymes and songs, to allow the children to gain mastery of the language structures and to use them in a variety of contexts. Activities that have a natural built-in repetition are useful, such as reading stories many times, playing board games and participating in craft activities.

Children's Response

Children may respond appropriately in English to the teacher's utterance, showing they understand what has been said in Irish.

Teacher: *Suas liom, suas liom* (singing).

Child: *Oh good. I like this one.*

Teacher: *An maith leatsa é seo?*

Child: *I love this song.*

Teacher: *Maith thú, is breá liom é.*

The teacher shows that he/she is listening to the child and continues the conversation in Irish, accepting the child's interest and praising him/her. This will bolster the child's motivation and encourage him/her to continue to enjoy the song in Irish. The teacher translates the child's sentence into Irish, showing acceptance of what he/she has said and gives input in Irish at the time of most interest to the child. As children gain in confidence and experience, the teacher could ask them to repeat the phrase in Irish.

> Children may respond appropriately in English, showing they understand what has been said in Irish.

Mixed Sentences

Children gradually learn new words and phrases in Irish, often those that belong to the new context of school, and begin to use Irish words in an English sentence.

Child: *When will it be **am lóin?***

Child: *Didn't I finish my **lón?***

Child: *I need to go to the **leithreas.***

Over time, they will gradually learn to use more frequently used words and phrases.

> Over time, children will gradually learn to use frequently used words and phrases.

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM
IRISH

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

The teacher can note the most frequently used Irish words and phrases and expand the children's utterances in a constructive way.

Child: *When will it be **am lóin**?*

Teacher: ***Am lóin?** Cathain a bheidh **am lóin** ann? Beidh se ann go luath.*

Child: *Didn't I finish my **lón**?*

Teacher: *Maith thú. Chríochnaigh mé mo **lón**.*

Child: *I need to go to the **leithreas**.*

Teacher: *Caithfidh mé dul chuig an **leithreas**. Seo leat.*

Regularly Used Words and Phrases

Research tells us that children learn words and phrases that are used in regular and repeated contexts by the teacher **and** other children. These routine interactional phrases could be part of games or teacher talk in tidying up or getting ready for lunch. Transferable phrases are particularly useful, such as *Cé leis é seo?* This could be used in a matching card/bingo game and the answer, *Is liomsa é,* could also be taught.

Children learn words and phrases that are used in regular and repeated contexts by the teacher or other children.

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM

IRISH

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

Teacher: *Cé leis é seo?* (showing a matching card)

Child: *Liomsa é.*

Teacher: *Tá an ceart agat. Is liomsa é, a dúirt Marcus. Is le Marcus é.*

By using these phrases, the child can participate in the game through Irish, using his/her second language for communicative and play purposes. Children may naturally use a short version of the sentence at first, but – by listening to the teacher using the full form – they can gradually extend to using full sentences. They should be able to insert the names of other children playing the game quite quickly, by naming them at first, but will learn the full phrase when they hear it often.

This type of conversation can be expanded by adding other closed questions about concrete objects.

Teacher: *Céard é seo?* (pointing to a banana at lunch-time)

Child: *Banana.*

Teacher: *Tá banana agam, a dúirt Áine. Tá sé sin an-deas.*

This shows that language learning is not confined to the language lesson but that other events in the day, particularly those that happen frequently, can be used as language learning opportunities.

By using these regular phrases, the child can participate in the game through Irish, using his/her second language for communicative and play purposes.

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM
IRISH

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

The teacher asks the child a question that she knows he can answer.

Creative Speech

As children gain in confidence and are comfortable with a range of words and phrases, they will be able to use more Irish in scaffolded situations.

Teacher: *Cá mbíonn an phéist? Ins an …* (looking at picture book)

Child: *Féar.*

Teacher: *Cá mbíonn sé?*

Child: *Ins an féar.*

The teacher asks the child a question that he/she knows the child can answer by looking at the illustration in the book. He/she knows the child has learned the word *féar* and gives a chance to complete his/her sentence first and then to say the full phrase again. This helps develop the children's competence and confidence in using Irish.

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM

IRISH

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

Summary

Understanding the process of second language learning means that the teacher can **fine tune his/her input to suit children's language level.** This gives children a good opportunity to experience success in language learning and provides the teacher with guidance on the level at which he/she should be teaching. The teacher can adapt the input in line with the children's developing competencies, incorporating their new knowledge and vocabulary and ensuring that there is sufficient repetition to consolidate language learning.

The scaffolding can change over time, but the basic principles of working with children's interests, focusing on meaning with additional supports and modelling correct forms of vocabulary and grammar, remain the same. Using these principles in repeated, predictable contexts will greatly facilitate the learning of Irish as a second language in the early years of primary school.

Working with children's interests, focusing on meaning and modelling correct forms of vocabulary and grammar in repeated, predictable contexts will greatly facilitate the learning of Irish.

Developmental Pathways in Learning Irish as a Second Language

References

Baker, C. (2011). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism.* 5th ed. Bristol: Multilingual Matters.

Lightbrown, P. and Spada, N. (2013). *How Languages are Learned.* 4th ed. Oxford: Oxford University Press.

Mhic Mhathúna, M. (1999). Early Steps in Bilingualism: Learning Irish in Irish-medium Pre-schools. *Early Years,* 19, (2), 38–50.

Tabors, P. (2008). *One Child, Two Languages: A Guide for Early Childhood Educators of Children Learning English as a Second Language.* 2nd ed. Baltimore, MD: Paul Brookes Publishing.

PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM

IRISH

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary

Developed in collaboration with Dr. Máire Mhic Mhathúna,
School of Languages, Law and Social Sciences, Dublin Institute of Technology

104

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE

GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna i dtaca le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint

Leanann an chuid is mó de leanaí conairí intuartha agus iad ag foghlaim dara teanga i suíomhanna oideachais. Ní haon eisceacht í an Ghaeilge agus foghlaimíonn leanaí mar dhara teanga ar an mbunscoil í ar bhealaí intuartha, ach aonair.

D'fhéadfaí a rá gur próiseas cognaíoch, sóisialta é dara teanga a fhoghlaim, .i., foghlaimíonn leanaí teanga ach córas na teanga a oibriú amach trí idirghníomhú le cainteoirí a bhfuil an teanga sin ar a dtoil acu.

Foghlaimíonn leanaí an Ghaeilge mar dhara teanga ar an mbunscoil ar bhealaí intuartha, ach aonair.

Tuiscint a Léiriú

Teastaíonn ón gcuid is mó de leanaí roinnt ama lena thuiscint gur féidir brí a dhéanamh i dteanga nach í a gcéad teanga í. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an múinteoir cur le hurlabhra le comharthaí, leideanna, áiseanna amhairc, fíor-rudaí agus fíoreispéiris, ionas go mbeidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs. Mar shampla, is féidir leis an múinteoir comharthaí a dhéanamh le hiarraidh ar leanbh teacht chuige, mála scoile a thaispeáint le labhairt faoi 'mhála scoile' nó bosca lóin a úsáid le tagairt a dhéanamh do 'bhosca lóin'.

Ar dtús, beidh na leanaí sa **tréimhse thostach** chomh fada is a bhaineann sé leis an dara teanga a úsáid agus úsáidfidh siad a gcéad teanga in amanna – mar shampla, Béarla – nó fanfaidh siad ina dtost. Tugann an taighde le fios nár cheart an iomarca brú a chur orthu an dara teanga a labhairt ag an tús. Féadfaidh leanaí a léiriú gur thuig siad a ndúradh ach iarratais nó treoracha a chomhlíonadh. Le himeacht ama, beidh an múinteoir in ann níos lú béime a leagan ar na comharthaí agus ar straitéisí eile, agus níos mó béime a leagan ar an urlabhra amháin. Beidh sé in ann a chur in iúl go bhfuil sé ag súil le tuilleadh freagairtí ó bhéal ó na leanaí, ag tosú amach le focail agus le frásaí a úsáidtear go minic. Is féidir tacú le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i nGaeilge a labhairt trí úsáid a bhaint as scafalra dinimiciúil, réimse straitéisí amhail glacadh le friotal an linbh agus cur leis le foirm iomlán na habairte a mhúnlú, áiseanna amhairc agus fíor-rudaí le brí agus comhthéacs a shoiléiriú, agus trí neart ábhar i gcló a chur ar fáil chomh maith.

Is féidir leis an múinteoir cur le hurlabhra le comharthaí, leideanna, áiseanna amhairc, fíor-rudaí agus fíoreispéiris, ionas go mbeidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Is féidir leis an múinteoir focail agus frásaí atá ar eolas ag na leanaí cheana a úsáid arís is arís eile, lena n-áirítear rímeanna agus amhráin, d'fhonn ligean do na leanaí cur amach a fháil ar struchtúir na teanga agus iad a úsáid i réimse comhthéacsanna. Is áisiúil atá gníomhaíochtaí a bhfuil an t-athrá ina chuid díobh go nádúrtha, amhail scéalta a léamh arís is arís eile, cluichí cláir a imirt agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceardaíochta.

Freagairt na Leanaí

Is féidir le leanaí freagairtí cuí i mBéarla a thabhairt ar fhriotal an mhúinteora lena léiriú gur thuig siad a ndúradh i nGaeilge.

Múinteoir: *Suas liom, suas liom* (ag canadh).

Leanbh: *Oh good. I like this one.*

Múinteoir: *An maith leatsa é seo?*

Leanbh: *I love this song.*

Múinteoir: *Maith thú, is breá liom é.*

Léiríonn an múinteoir go bhfuil sé ag éisteacht leis an leanbh, leanann sé ar aghaidh leis an gcomhrá i nGaeilge, glacann sé leis an tsuim atá léirithe ag an leanbh agus molann sé é/í. Cuirfear le spreagadh an linbh ar an gcaoi sin agus tabharfar misneach dó/di leanúint ar aghaidh ag baint taitnimh as an amhrán i nGaeilge. Cuireann an múinteoir Gaeilge ar abairt an linbh lena chur in iúl go bhfuil sé ag glacadh leis an méid a bhí le rá aige/aici agus tugann sé ionchur don leanbh tráth a bhfuil an méid is mó suime á léiriú aige/aici. De réir mar a mhéadaíonn muinín agus taithí na leanaí, féadann an múinteoir iarraidh orthu an frása a rá arís i nGaeilge.

> Is féidir le leanaí freagairt go cuí i mBéarla lena léiriú gur thuig siad a ndúradh i nGaeilge.

Abairtí Measctha

Is iondúil go bhfoghlaimíonn leanaí focail agus frásaí nua i nGaeilge de réir a chéile, iad siúd a bhaineann le comhthéacs na scoile de ghnáth, agus go dtosaíonn siad amach ag úsáid focail Ghaeilge in abairtí Béarla.

Leanbh: *When will it be **am lóin?***

Leanbh: *Didn't I finish my **lón?***

Leanbh: *I need to go to the **leithreas.***

Le himeacht ama, foghlaimeoidh siad cén chaoi le húsáid a bhaint as focail agus frásaí a úsáidtear go minic.

> Le himeacht ama, foghlaimeoidh siad cén chaoi le húsáid a bhaint as focail agus frásaí a úsáidtear go minic.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Is féidir leis an múinteoir na focail agus na frásaí Gaeilge is minice úsáid a bhreacadh síos agus cur le friotail na leanaí ar bhealach fiúntach.

Leanbh: *When will it be **am lóin**?*

Múinteoir: ***Am lóin**? Cathain a bheidh **am lóin** ann? Beidh sé ann go luath.*

Leanbh: *Didn't I finish my **lón**?*

Múinteoir: *Maith thú. Chríochnaigh mé mo **lón**.*

Leanbh: *I need to go to the **leithreas**.*

Múinteoir: *Caithfidh mé dul chuig an **leithreas**. Seo leat.*

Focail agus Frásaí a Úsáidtear go Rialta

Tugann taighde le fios go bhfoghlaimíonn leanaí focail agus frásaí a n-úsáideann an múinteoir **agus** leanaí eile iad i gcomhthéacsanna rialta a thagann aníos arís is arís eile. D'fhéadfaí na frásaí rialta idirghníomhaithe sin a úsáid mar chuid de chluichí nó de chaint an mhúinteora nuair atá caoi á cur ar an áit ag na leanaí nó nuair atá siad ag ullmhú don am lóin. Bíonn frásaí inaistrithe thar a bheith úsáideach, amhail *Cé leis é seo?* D'fhéadfaí an frása sin a úsáid i gcás cluiche meaitseála cártaí/biongó agus d'fhéadfaí an freagra, *Is liomsa é,* a theagasc chomh maith.

> Foghlaimíonn leanaí focail agus frásaí a n-úsáideann an múinteoir nó leanaí eile iad i gcomhthéacsanna rialta a thagann aníos arís is arís eile.

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Múinteoir: *Cé leis é seo?* (agus cárta meaitseála á thaispeáint aige)

Leanbh: *Liomsa é.*

Múinteoir: *Tá an ceart agat. Is liomsa é, a dúirt Marcus. Is le Marcus é.*

Is féidir leis an leanbh páirt a ghlacadh sa chluiche i nGaeilge ach na frásaí sin a úsáid agus a d(h)ara teanga a úsáid chun críche cumarsáide agus súgartha. Ar ndóigh, is dócha go n-úsáidfidh leanaí leagan gairid den abairt ar dtús, ach – trí éisteacht leis an leagan iomlán a n-úsáideann an múinteoir é – féadfaidh

siad tosú ar abairtí iomlána a úsáid de réir a chéile. Is cóir go mbeidh siad in ann ainmneacha na leanaí eile atá ag imirt an chluiche a chur isteach gan aon rómhoill, trína n-ainmniú ar an gcéad dul síos, ach foghlaimeoidh siad an frása iomlán tar éis dóibh é a chloisteáil go minic.

Is féidir ceisteanna dúnta eile faoi fhíor-rudaí a chur leis chun an cineál comhrá sin a fhairsingiú.

Múinteoir: *Céard é seo?* (agus é ag díriú a mhéire ar bhanana ag am lóin)

Leanbh: *Banana.*

Múinteoir:*Tá banana agam, a dúirt Áine.Tá sé sin an-deas.*

Léiríonn sé sin nach sa cheacht teanga amháin a bhíonn an fhoghlaim teanga ag titim amach agus go bhféadtar imeachtaí eile a tharlaíonn le linn an lae, iad siúd a tharlaíonn go minic go háirithe, a úsáid mar dheiseanna foghlama teanga.

> Is féidir leis an leanbh páirt a ghlacadh sa chluiche i nGaeilge ach na frásaí rialta sin a úsáid agus a d(h)ara teanga a úsáid chun críche cumarsáide agus súgartha.

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary
108

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Cuireann an múinteoir ceist ar an leanbh, ar ceist í is eol dó is féidir leis an leanbh a fhreagairt.

Caint Chruthaitheach

De réir mar a éiríonn na leanaí níos muiníní agus níos compordaí le réimse focal agus frásaí, beidh siad in ann níos mó Gaeilge a úsáid i gcásanna ina n-úsáidtear scafall.

Múinteoir: *Cá mbíonn an phéist? San…* (ag breathnú ar leabhar pictiúr)

Leanbh: *Féar.*

Múinteoir: *Cá mbíonn sí?*

Leanbh: *San fhéar.*

Cuireann an múinteoir ceist ar an leanbh, ar ceist í is eol dó is féidir leis an leanbh a fhreagairt ach breathnú ar an léaráid sa leabhar. Is eol dó go bhfuil an focal *féar* foghlamtha ag an leanbh agus tugann sé deis dó/di a (h)abairt a chríochnú ar dtús agus ansin an abairt iomlán a rá an athuair. Cabhraítear leis na leanaí idir inniúlacht agus mhuinín a fhorbairt sa Ghaeilge ar an gcaoi sin.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE

GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Achoimre

Má thuigeann an múinteoir an próiseas foghlama i leith an dara teanga, is féidir leis **a chuid ionchuir a mhionchoigeartú chun í a chur in oiriúint do leibhéal teanga na leanaí.** Tugann sé sin deis mhaith do na leanaí taithí a fháil ar theanga a fhoghlaim go rathúil agus tugann sé treoir don mhúinteoir freisin i ndáil leis an leibhéal ar ar chóir dó a bheith ag teagasc. Is féidir leis an múinteoir an t-ionchur a leasú de réir mar a thagann forbairt ar inniúlachtaí na bpáistí, a gcuid eolais agus focal a chur san áireamh agus a chinntiú go bhfilltear ar rudaí a dhóthain uaireanta leis an bhfoghlaim teanga a dhaingniú.

Féadtar an scafall a athrú le himeacht ama, ach fanann na bunphrionsabail mar atá, .i. oibriú le suimeanna leanaí, díriú ar bhrí le tuilleadh tacaíochtaí, agus foirmeacha cearta foclóra agus gramadaí a mhúnlú. Nuair a úsáidtear na prionsabail sin i gcomhthéacsanna intuartha a thagann aníos arís is arís eile, déantar foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga a éascú i luathbhlianta na bunscoile.

> Is éasca an Ghaeilge a fhoghlaim trí oibriú le suimeanna leanaí, trí dhíriú ar bhrí, agus trí fhoirmeacha cearta foclóra agus gramadaí a mhúnlú i gcomhthéacsanna intuartha a thagann aníos arís is arís eile.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE

GAEILGE

Conairí Forbartha leis an nGaeilge a Fhoghlaim mar Dhara Teanga

Tagairtí

Baker, C. (2011). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism.* 5ú heag. Briostó: Multilingual Matters.

Lightbrown, P. agus Spada, N. (2013). *How Languages are Learned.* 4ú heag. Oxford: Oxford University Press.

Mhic Mhathúna, M. (1999). Early Steps in Bilingualism: Learning Irish in Irish-medium Pre-schools. *Early Years,* 19, (2), 38–50.

Tabors, P. (2008). *One Child, Two Languages: A Guide for Early Childhood Educators of Children Learning English as a Second Language.* 2ú heag. Baltimore, MD: Paul Brookes Publishing.

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie/primary

Arna fhorbairt i gcomhar leis an Dr. Máire Mhic Mhathúna, Scoil na dTeangacha, an Dlí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

D·I·T

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

111

Ábhar Tacaíochta

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach
- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga nádúrtha a dhéanamh de theanga sheomra ranga
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint
- Athinsint agus mionléiriú
- Cur síos, tuar agus machnamh

Réamhrá

Tá an-tábhacht ag baint le labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta/Gaelscoileanna. Ceaptar nach féidir eispéireas iomlán tumoideachais a chur ar fáil mura bhfuil na daltaí ag labhairt na (sprioc) teanga go sóisialta ina

measc féin (mar shampla Baker, 2011, Hickey, 1999, Mac Corraidh, 2008). Tá roinnt dea-chleachtais atá i bhfeidhm i roinnt scoileanna i dtaca le sóisialú trí Ghaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge aitheanta cheana féin (Ní Shéaghdha, 2010). Is éard atá san Ábhar Tacaíochta seo ná nochtadh ar chuid de na slite praiticiúla seo atá éifeachtach chun na páistí a mhealladh i dtreo labhairt na Gaeilge go sóisialta ina measc féin.

Go ginearálta leagann na dea-chleachtais béim ar thábhacht

- Comhoibriú iomlán na foirne scoile i gcur i bhfeidhm agus in athnuachan na ndea-chleachtais
- Cumarsáid éifeacht agus comhoibriú idir múinteoirí agus tuimsitheoirí na scoile
- Comhoibriú agus caidreamh moltach idir múinteoirí agus daltaí na scoile

Tá an tÁbhar Tacaíochta seo nasctha le 5 fhíseán a thugann léargas físiúil ar cuid de na dea-chleachtais seo i scoileanna Gaeltachta. Is iad na dea-chleachtais is suntasaí a tháinig chun cinn le linn an taighde seo ná

1. **Polasaí scoile soiléir** agus nasc láidir leis an bpobal Gaeilge lasmuigh den scoil

2. **Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuismitheoirí** le polasaí teanga na Scoile

3. Béim ar imeachtaí atá saibhir ó thaobh na cainte – **Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht**

4. Aird de shíor ar **chruinneas teanga** agus nathanna saibhre a spreagadh

5. **Feachtais/Duaiseanna** chun labhairt na Gaeilge sa chlós a spreagadh i measc na ndaltaí.

Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: **GAEILGE**

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

1. Polasaí Scoile Soiléir agus Nasc Láidir leis an bPobal Gaeilge Lasmuigh den Scoil

Ceann de na na dea-chleachtais is tábhachtaí atá i gceist le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga shóisialta i measc na ndaltaí ná go mbeadh polasaí scoile agus sainspiorad na scoile lánGhaeilge ana-shoiléir do phobal na scoile, dar leis na príomhoidí. Má tá an polasaí seo an-shoiléir do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do

> Má tá an polasaí seo an-shoiléir do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do phobal na scoile i gcoitinne, tuigfidh na daltaí go gcaithfidh siad Gaeilge a labhairt ina measc féin.

phobal na scoile i gcoitinne, tuigfidh na daltaí go gcaithfidh siad Gaeilge a labhairt ina measc féin. Tuigfidh siad go bhfuil sé sin nádúrtha agus go mbaineann an béas sin le traidisiún na scoile. Chomh luath agus a thosnaíonn na daltaí ar scoil, ní chloiseann siad ach Gaeilge á labhairt. Bíonn na leanaí is sinsearaí ar scoil ag labhairt as Gaeilge agus bíonn an caidreamh idir na múinteoirí agus foireann na scoile ar fad as Gaeilge. Cothaíonn sé seo teachtaireacht shoiléir agus ní thógann sé i bhfad ar na leanaí nua a thuiscint cad leis a bhítear ag súil. Cabhraítear leo, moltar iad, agus déantar iad a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge.

Gné eile a chabhraíonn le hinsealbhú na tuisceana seo sna leanaí ná go mbíonn nasc láidir idir an scoil agus an pobal (Gaeilge) lasmuigh den scoil. Tagann aoíanna isteach go minic ar mhaithe le cabhrú le saibhriú teanga agus labhairt na Gaeilge (scéalaithe, lucht drámaíochta, ceoltóirí áitiúla srl)

agus cothaíonn sé seo nasc leis an bpobal Gaeltachta/Gaeilge. Déantar nasc láidir leis an gceantar máguaird agus leis an bparóiste chomh maith trí bhéim a chur ar stair áitiúil agus trí thurasanna a thabhairt timpeall an pharóiste ar bhonn rialta.

> Gné eile a chabhraíonn le hinsealbhú na tuisceana seo sna leanaí ná go mbíonn nasc láidir idir an scoil agus an pobal (Gaeilge) lasmuigh den scoil.

Bíonn polasaí láidir Gaeilge ar bhonn ilghnéitheach i bhfeidhm sna scoileanna agus má tá aon chuairteoirí ag teacht chun na scoileanna ó eagrais náisiúnta nó eile, iarrtar i gcónaí ar na heagrais/institiúidí daoine le Gaeilge a chur amach go dtí na scoileanna seo más féidir in aon chor.

Ábhar Tacaíochta

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE:
GAEILGE

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

2. Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuismitheoirí le Polasaí Teanga na Scoile

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach in aon pholasaí a bheadh ag iarraidh na daltaí a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge go sóisialta. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi na seifteanna atá ar siúl sna scoileanna ó thaobh na Gaelainne agus lorgaítear a gcabhair agus a dtacaíocht go minic. Tuigeann na tuismitheoirí go bhfuil na scoileanna ag brath orthu chun na leanaí a spreagadh chomh maith agus chun aon Ghaeilge atá acu a úsáid leo. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn na tuismitheoirí istigh ar scoil leis na leanaí ach bítear ag moladh Gaeilge a labhairt leis na páistí sa bhaile chomh maith.

> Tá tacaíocht na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach in aon pholasaí a bheadh ag iarraidh na daltaí a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge go sóisialta.

Tugtar na tuismitheoirí isteach ar scoil agus chítheann siad obair na leanaí agus faigheann siad blaiseadh de shainspiorad Gaeltachta/Gaeilge na scoile. Mínítear dóibh go bhfuil a dtacaíocht riachtanach chun an timpeallacht nádúrtha Ghaeilge a chothú agus ar an iomlán bíonn toradh dearfach ar an obair seo.

Go minic ní hé labhairt na Gaeilge an chloch is mó atá ar phaidrín na dtuismitheoirí go léir ach uaireanta trialtar a mhíniú do na tuismitheoirí go mbeidh rath níos fearr ar oideachas a gcuid leanaí má bhíonn caighdeán ard Gaeilge acu. Tá siad ag foghaim a gcuid ábhair ar fad trí Ghaeilge, mar sin bíonn tuiscint níos fearr acu ar na hábhair má bhíonn Gaeilge mhaith acu. Éireoidh níos fearr leis na páistí ina gcuid ábhar eile scoile trí Ghaeilge má tá Gaeilge mhaith acu agus chuige sin beidh sé ina chabhair mhór dá gcuid Gaeilge má labhrann siad í go nádúrtha agus go sóisalta.

> Éireoidh níos fearr leis na páistí ina gcuid ábhar eile scoile trí Ghaeilge má tá Gaeilge mhaith acu agus chuige sin beidh sé ina chabhair mhór dá gcuid Gaeilge má labhrann siad í go nádúrtha agus go sóisalta.

Ábhar Tacaíochta

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE:
GAEILGE

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

3. Béim ar Imeachtaí atá Saibhir ó Thaobh na Cainte – Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht

Bíonn béim ar scéalaíocht, drámaíocht agus amhránaíocht i roinnt mhaith scoileanna lánGhaeilge mar straitéis chun caint nádúrtha na daoine a chur os comhair na ndaltaí agus chun iad a mhealladh i mbun Gaeilge a labhairt go sóisialta ina measc féin. Ceaptar go dtugann an drámaíocht agus an scéalaíocht, ach go háirithe, muinín phearsanta agus muinín teanga iontach do na daltaí agus cuireann sé saibhreas teanga thar bearta ar fáil dóibh, dar leis na príomhoidí. Go minic triallann na múinteoirí a gcuid ranganna Gaeilge a nascadh leis an ndrámaíocht ag úsáid línte ó na drámaí sna ceachtanna ranga agus ceaptar gur dea-chleachtais an-éifeachtach í an drámaíocht maidir le hiompar teanga na ndaltaí chomh maith. Go minic tugann an drámaíocht agus an scéalaíocht deis do na daltaí a bheith páirteach i bhféilte nó in ócáidí ina mbíonn daltaí ó scoileanna eile ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu agus spreagann sé seo iad chun an Ghaeilge a labhairt ina measc féin, dar le foireann na scoileanna seo. Buaileann siad le daltaí ó scoileanna eile i dtimpeallacht atá an-shaibhir ó thaobh na Gaeilge de agus cuirtear béim ar an sóisialú trí Ghaeilge.

> Ceaptar go dtugann an drámaíocht agus an scéalaíocht, ach go háirithe, muinín phearsanta agus muinín teanga iontach do na daltaí agus cuireann sé saibhreas teanga thar bearta ar fáil dóibh.

4. Aird de Shíor ar Chruinneas Teanga agus Nathanna Saibhre a Spreagadh

Tacaíonn sé leis na daltaí ó thaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta de má bhíonn béim i gcónaí ar an dea-Ghaeilge agus ar an nGaeilge chruinn, dar le príomhoidí. Nuair a chuirtear béim ar cheartú na bpríomhbhotún a dhéanann daltaí sa chaint i bhfoirm spraíúil sna ranganna agus lamsuigh dóibh, ceaptar go spreagann sé na daltaí i mbun cainte as Gaeilge. Míníonn scoil amháin an éifeacht a bhaineann le córas Abairt na Seachtaine. Bíonn abairt na seachtaine i gceist gach seachtain ina mbíonn na múinteoirí ranga go léir ag cur béime ar an an abairt seo agus bíonn go leor athrá i gceist agus an abairt á rá i slite difriúla. Go minic is nath cainte áitiúil atá i gceist atá saibhir ó thaobh na Gaeilge de agus an-nádúrtha i gcaint na ndaoine agus b'fheidir nach mbeadh sé ar fáil sna leabhair scoile.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

Bíonn abairt na seachtaine i gceist gach seachtain ina mbíonn na múinteoirí ranga go léir ag cur béime ar an an abairt seo agus bíonn go leor athrá i gceist agus an abairt á rá i slite difriúla.

D'fhéadfadh aon mhúinteoir ceist a chur ar aon dalta ag am sosa nó lóin a bheadh bunaithe ar an abairt seo agus ar chruinneas gnéithe éagsúla den abairt. Ag an tionól gach maidin Aoine bíonn ceist nó dhó bunaithe ar an abairt. Bíonn cruinniú ag múinteoirí na scoile ag tús na seachtaine chun an mhír teanga (abairt na seachtaine) a roghnú agus malartaíonn siad a gcuid tuairimí faoi conas is fearr an abairt a úsáid i rith na seachtaine. Cloiseann na múinteoirí an abairt seo in úsáid go sóisialta i measc na ndaltaí sa chlós i rith na seachtaine.

5. Feachtais Duaiseanna chun Labhairt na Gaeilge a Spreagadh sa Chlós

In ainneoin na bpolasaithe agus na ndea-chleachtais a bhíonn i bhfeidhm, bíonn sé dúshlánach i nach mór gach aon scoil lánGhaeilge na daltaí a choimeád ar an nGaeilge ina measc féin go sóisialta. Ar an iomlán, áfach, ceaptar go n-éiríonn go maith le polasaithe agus feachtais a bhfuil atreisiú dearfach (duaiseanna agus moladh) laistiar díobh seachas polasaithe pionóis. Braitheann éifeacht na bpolasaithe nó na bhfeachtas seo, dar leis na príomhoidí, ar fhonn mhúinteoirí uile na scoile comhoibriú agus iad a chur i bhfeidhm le chéile agus ar thoil na foirne athmhacnamh rialta a dhéanamh ar an bhfeachtas. Ní hé an cleachtas céanna a oibreoidh i mbliana agus a oibreoidh an bhliain seo chugainn dar le múinteoirí áirithe. An saghas cleachtais is mó go ndearnadh cur síos orthu ná cleachtas a bhronnann réiltíní nó ticéid ar dhaltaí as a bheith ag labhairt Gaeilge sa chlós. Feidhmíonn an cleachtas seo ar thrí leibhéal.

Braitheann éifeacht na bpolasaithe nó na bhfeachtas seo, dar leis na príomhoidí, ar fhonn mhúinteoirí uile na scoile comhoibriú agus iad a chur i bhfeidhm le chéile agus ar thoil na foirne athmhacnamh rialta a dhéanamh ar an bhfeachtas.

- Tugtar réiltín/ticéid do dhalta amháin sa ló sa chlós gach lá as sáriarracht a bheith déanta acu ó thaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta. Cuirtear ainmneacha na ndaoine seo isteach i mbosca agus bíonn crannchar míosúil ansin chun duine a phiocadh amach don duais mhór.

- Oibríonn an feachtas seo ar bhonn seachtainiúil chomh maith. An leanbh is mó a fhaigheann réiltíní gach seachtain, is iad laoch na seachtaine iad agus bíonn bronnadh ag an dtionól seachtainiúil i halla na scoile.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE:
GAEILGE

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

- Téann Corn na Gaeilge chuig an rang is mó a fhaigheann réaltíní sa tseachtain agus má fhaigheann rang ar bith an corn trí huaire i ndiaidh a chélie bíonn cóisir acu sa rang. Pé rang a bhaineann an corn gach seachtain bíonn oíche gan obair bhaile acu.

Sna scoileanna seo buaileann an fhoireann le chéile uair in aghaidh na míosa chun iompar teanga na ndaltaí a phlé agus éifeacht an fheachtais a phlé. Má tá gá le haon athruithe ar an bhfeachtas, pléitear é sin agus má tá aon smaointe nua ag aon bhall foirne, cuirtear iad sin chun cinn.

I scoileanna eile, bíonn mórdhuais amháin acu gach bliain don Ghaeilgeoir is fearr, nó an duine is mó a chuireann labhairt na Gaeilge agus an Gaelachas chun cinn. Bíonn cruinniú ag na múinteoirí chun daoine a ainmniú agus votáltar an buaiteoir. Bíonn oiread iomaíochta go mbíonn sé deacair an corn seo a bhronnadh uaireanta!

Conclúid

Is í aidhm ná ndea-chleachtais atá leagtha amach san Ábhar Tacaíochta seo ná tacaíocht agus cabhair phraicticiúil a chur ar fáil do phríomhoidí agus do scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta i dtaca le polasaithe agus cleachtais a spreagann labhairt sóisialta na Gaeilge i measc na ndaltaí ar scoil. Tá mórán cleachtais agus polasaithe a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach i scoileanna difriúla, níl anseo ach cur síos ar na príomhdhea-chleachtais atá ag obair go héifeachtach i scoileanna samplacha áirithe. Leagtar béim ar thábhacht pholasaí a fhaigheann comhoibriú ó fhoireann iomlán na scoile, ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na dtuismitheoirí sa pholasaí agus ar thábhacht polasaithe agus feachtais mholtacha a bhfuil atréisiú dearfach laistair dóibh. Ceaptar gur iomlánú é ar an taithí tumoideachais más féidir daltaí a spreagadh i dtreo na Gaeilge mar theanga shóisialta ar scoil agus is cinnte go bhfuil labhairt na Gaeilge go soisialta i measc na ndaltaí tábhachtach ó thaobh bhuanú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht

Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

Tagairtí

Baker, C., (2011 5ú eagrán). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.

Hickey, T (1999) *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta agus Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Mac Corraidh, S., (2008). *Ar thóir an dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-medium Primary Schools in Belfast*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Ní Shéaghdha, A. (2010). *Taighde ar Dhea-Chleachtaiis Bhunscoile I dtaca le Saibhriú/Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.